




Séideán Si


C'arraig na Cailí



Ábhar tacaíochta léitheoireachta agus tuisceana

Úna Ní Fhlatharta

COMHAIRLEOIRÍ SRAITHE: SIOBHÁN NÍ DHÚILL AGUS BRÍDÍN NIC UIGINN



CLÁR

Sula Léifidh tú Leabhar Seo ...	3
Caibidil 1	4
Caibidil 2	6
Caibidil 3	11
Caibidil 4	16
Caibidil 5	22
Caibidil 6	24
Caibidil 7	26
Caibidil 8	27
Iarléitheoireacht	31



SULA LÉIFIDH TÚ AN LEABHAR SEO...


Tuar a dhéanamh

Is é atá i gceist le **tuar a dhéanamh** ná tomhas nó buille faoi thuairim a thabhairt ar rud a tharlóidh amach anseo.

1. Féach ar chlúdach an leabhair. Tomhais céard atá suite i lár an phictiúir. Déan cur síos uirthi.

2. Cá bhfuil sí suite? Cé na contúirtí a bhaineann leis an suíomh áirithe sin?

3. Léigh an blurba ar an leathanach cúil agus scrúdaigh an pictiúr a ghabhann leis. Déan tuar faoi ábhar an scéil agus faoi cad a thitfidh amach sa scéal.



CAIBIDIL 1

Triail Tuisceana

1. Cén fath a raibh Colm sásta gurbh é an Satharn a bhí ann?
2. Cá raibh Mam nuair a d'éirigh Colm?
3. Cá raibh Colm agus Daid le dul an mhaidin sin?
4. Cén teachtaireacht a d'fhág Mam do Cholm?
5. Cá raibh Daid nuair a d'éirigh Colm?
6. Cad a bhí fágtha sa bhád an oíche roimhe sin?
7. Cén chuma a bhí ar Dhaid nuair a tháinig sé abhaile?
8. Cén fáth nach raibh Daid ag iarraidh dul ag iascach?
9. Conas mar a mhothaigh Colm nuair a dúirt Daid leis nach raibh siad ag dul ag iascach?
10. Cad a bhí ar siúl ag Daid agus ag criú an bháid tarrthála an oíche roimhe sin?

Daid

Cuir na nathanna seo thíos in abairtí:

1. Tháinig aoibh an gháire air ...

2. Ní bhíodh aon leisce air ...

3. Bhuail sé faoi ag an mbord ...

4. ... ag tarraingt na gcos

5. ... a ghruaig in aimhréidh




Pléigh / Labhair le do pháirtí

1. Pléigh an nath seo: ‘Beidh tú go diail a luaithe is a mhothaíonn tú cúrán na farraige ar d’aghaidh’. Cad is brí leis? Ar mhothaigh tú mar sin riamh?
2. Tomhais cad a rinne Colm agus Tomás nuair a chuaigh Daid a chodladh.



Scríbhneoireacht

Scríobh scéal faoin turas iascaireachta a bhí ag Colm agus a dheartháir Tomás.



CAIBIDIL 2

Triail Tuisceana

1. Conas mar a mhothaigh Colm i dtús na caibidle?
2. Cad a bhí ar siúl ag Tomás ag binn an tí?
3. Cén fáth nach raibh Tomás ag iarraidh dul ag iascach?
4. Conas go bhfuil a fhios againn go raibh díomá ar Cholm nach raibh Tomás sásta dul amach in éineacht leis?
5. Cén smaoineamh a bhuail Colm ar an gcé?
6. Cén fáth ar líon a chroí le háthas agus mórtas ag deireadh na caibidle?
7. An gceapann tú go ndearna Colm an cinneadh ceart, a ghabháil amach i mbád ina aonar?
8. Cad ba cheart do Cholm a dhéanamh, i do thuairim?
9. Cén fáth, an gceapann tú, a bhfuil athrú tar éis teacht ar an gcaidreamh idir Tomás agus Colm?
10. Ar bhraith tú riamh athrú ar do chaidreamh le duine de do chairde nó le deartháir nó deirfiúr? Cad ba chúis leis an athrú, dar leat?



Stór Focal

Cuir na frásaí seo a leanas in abairtí.

1. Amach leis ar thóir ...

2. ... ag binn an tí

3. Baineadh stad as ...

4. ... ó dhubh go dubh

5. Chrústaigh sé uaidh

6. Síos le fána leis

7. Bhuail smaoineamh é

8. Líon a chroí le háthas agus le mórtas

9. ... i dtreo na farraige móire

10. ... ualach Éireann maicréal

Suíomh a aithint

Cá bhfuil mé?

Treoracha: Léigh na hailt thíos. Déan iarracht an suíomh a shamhlú i d'intinn. Roghnaigh an suíomh is oiriúnaí i ngach cás.		Cá bhfuil mé?
1.	Bhí na páistí ag obair go dian sa seomra ranga.	<input type="checkbox"/> i siopa grósaera <input type="checkbox"/> ag an sorcas <input type="checkbox"/> ar scoil <input type="checkbox"/> ar an trá
2.	Chonaic Colm fiche bó sa scioból agus an feirmeoir á gcrú leis an mbliteoir.	<input type="checkbox"/> cois abhann <input type="checkbox"/> i lár na cathrach <input type="checkbox"/> sa séipéal <input type="checkbox"/> ar an bhfeirm
3.	Shiúil Seán agus Peadar isteach sa seomra mór dorcha. Shín siad a dticéid chuig an bhfreastalaí a threoraigh go dtí a suíocháin iad.	<input type="checkbox"/> sa phictiúrlann <input type="checkbox"/> ar pháirc imeartha <input type="checkbox"/> sa choill <input type="checkbox"/> san ionad siamsaíochta
4.	Dhreap Siobhán ó bharra go barra ar nós moncaí sa sú. Thaitin na luascáin go mór léi ach bhí mamanna ag brú a bpáistí orthu. Shocraigh sí aghaidh a thabhairt ar an sleamhnán.	<input type="checkbox"/> ar rinc scátála <input type="checkbox"/> san ollmhargadh <input type="checkbox"/> sa pháirc siamsaíochta <input type="checkbox"/> sa sú
5.	Scinn Liam cloch le tréan nirt agus phreab sí ar bharr an uisce.	<input type="checkbox"/> ar imeall an bhaile <input type="checkbox"/> ar bhruach locha <input type="checkbox"/> ar bharr cnoic <input type="checkbox"/> amuigh faoin tuath

Is é atá i gceist le **físiúlú** ná pictiúir a shamhlú den rud atá á léamh agat.

Treoracha: Léigh na hailt thíos ó Chaibidil 2. Samhlaigh an suíomh i d'intinn. Úsáid dath **buí** leis na hainmfhocail a aibhsiú, **glas** leis na haidiachtaí a aibhsiú agus **gorm** leis na briathra agus na hainmneacha briathartha a aibhsiú. Tarraing an pictiúr a shamhlaítear duit.

Ag binn an tí a fuair sé (Colm) é (Tomás). Bhí Tomás ag ní a mhótair. Ghlaigh Colm air. Freagra ní bhfuair sé, áfach ... Bhí cluasáin sáite sna cluasa aige (Tomás) agus é ag éisteacht le rac-cheol a fhad is a bhí sé ag obair. (lgh 14 & 15)

D'oscail Colm an cupard beag a bhí i gceann an bháid. Bhí an dorú, na duáin agus an baoite ann ... Bhí bosca bladhmanna éigeandála sa chupard leis.

(lch 18)

Rith sé sall go dtí bothán a athar a bhí sa chónagar. D'ardaigh sé an seaicéad tarrthála den chrúca sa bhothán ...

(lch 18)

 **Fónaic**

's' leathan agus 's' caol

Is féidir níos mó ná fuaim amháin a bheith ag gabháil le haon litir ar leith.

Féach an dá fhocal seo: rás.....sí

Cén difríocht atá i bhfuaim an 's' sa dá fhocal? Cén fáth a bhfuil difríocht sa dá fhuaim?

Léigh na focail seo: sin, lus, sos, cos, síos, suas, pis, siad, milis, sé, seal

Riail:

Nuair atá guta leathan (a,o,u) roimh nó tar éis 's', déanann sé an fhuaim /s/

Nuair atá guta caol (i,e) roimh nó tar éis 's', déanann sé an fhuaim /s'/ (nó /j/), ar nós an 'sh' sna focail 'she' nó 'shed' sa Bhéarla.

Déan liosta d'fhocail ó leathanaigh 15 & 17 ina bhfuil **s** leathan nó **s** caol iontu.

s leathan (a,o,u)	s caol (i,e)



CAIBIDIL 3

Triail Tuisceana

1. Cad a thugadh Tomás go magúil ar an liosta fada rialacha a bhí ag Daid maidir le dul amach sa bhád?
2. Ar lean Colm rialacha Dhaid faoi dhul amach sa bhád?
3. Cén cineál seaicéid tarrthála a bhí ag Colm?
4. Cén saghas iasc a bhí sé ag súil a fháil?
5. Cén saghas aimsire a bhí ann agus Colm ag imeacht ón gcé?
6. Ar éirigh le Colm maicréal a fháil ag Poll an Éisc? Cén fáth?
7. Cén fath nach ndeachaigh sé ar ais abhaile nuair nach bhfuair sé iasc ar bith?
8. Scríobh liosta rialacha atá agaibhse sa bhaile.
9. Meas tú cén tseift ar smaoinigh Colm uirthi?
10. Cad a tharlódh dá dtitfeadh Colm isteach san fharraige?

Infearas a dhéanamh ar thréithe

Na focail a chuireann síos ar charachtar i scéal, is minic a léiríonn siad **tréithe an charachtair sin**. Ní i gcónaí a luaitear tréithe an charachtair amach go díreach áfach. Is gá **infearas a dhéanamh** nó tuairim a bhaint as rud uaireanta. Is féidir gur as **gníomhartha, iompar, mothúcháin nó smaointe na gcarachtar nó as caint dhíreach** na gcarachtar a thagann an t-eolas a ligeann dúinn infearas a dhéanamh.



Caint/smaointe na gcarachtar



Gníomhartha na gcarachtar



Mothúcháin na gcarachtar



Iompar na gcarachtar

Líon na bearnaí agus bain úsáid as na tréithe carachtair seo thíos.

easumhal / drochmheasúil	geanúil / grámhar	fial / flaithiúil / cineálta	leithleasach / santach	mórtasach / bródúil
-----------------------------	----------------------	---------------------------------	---------------------------	------------------------

- Roinneann Lúsaí a cuid peann daite leis na páistí eile sa rang. Tá sí _____ .
- Ceapann Máire go bhfuil sí níos fearr ná a deartháir ag an sacar. Bíonn sí de shíor ag maíomh. Is cailín _____ í.
- Briseann Sinéad na rialacha go minic. Is páiste _____ í.
- Tá grá ag Sorcha dá tuistí agus cabhraíonn sí leo obair an tí a dhéanamh i gcónaí. Is iníon _____ í.
- Is fuath le Rónán a mhilseáin a roinnt lena chairde. Is gasúr _____ é.

Tréithe Carachtair

Léigh na sleachta seo thíos as Caibidilí 1-3 agus roghnaigh an tréith a léiríonn siad. Is féidir go mbeidh níos mó ná bosca amháin le ticeáil.

Sliocht ón Úrscéal	An ó mhothúcháin, gníomhartha, smaointe nó caint na gcarachtar a fhaighimid an léiriú?	Léiríonn an sliocht gur duine _____ é Colm. (Ciorclaigh an aidiacht cheart.)
Ní dhearna sé (Colm) a chuid obair bhaile an tráthnóna roimhe sin mar go raibh sé ag ullmhú don turas iascaireachta. Lch 7	mothúchán <input type="checkbox"/> gníomh <input type="checkbox"/> smaointe <input type="checkbox"/> caint <input type="checkbox"/>	faiteach millte neamhchúiseach freagrach
‘Dhera a Dhaid,’ arsa Colm, ‘beidh tú go diail a luaithe is a mhothaíonn tú cúrán na farraige ar d’aghaidh.’ Lch 8	mothúchán <input type="checkbox"/> gníomh <input type="checkbox"/> smaointe <input type="checkbox"/> caint <input type="checkbox"/>	geanúil feargach grámhar fial béasach

CAIBIDIL 3

<p>'Tuigim,' arsa Colm go pras agus cé go raibh díomá air d'éirigh leis na deora a stopadh. Lch 10</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>goilliúnach</p> <p>easumhal</p> <p>tuisceanach</p> <p>cineálta</p> <p>drochmheasúil</p>
<p>Níor mhaith leis (Colm) ... nuair a bhíodh sé (Daid) amuigh i lár na hoíche, go háirithe nuair a chuir sé sin isteach ar a phleananna féin...' Lch 10</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>caointeach</p> <p>lách</p> <p>leithleasach</p> <p>brónach</p> <p>santach</p>
<p>Nár bhocht an scéal é gurbh éigean dá athair agus do chriú an bháid ... a mbeatha a chur i mbaol mar gheall ar phleidhce de strainséir nach raibh sé de bhéas aige a chur in iúl don bhád tarrhála go raibh sé slán sábháilte... Lgh 11/12</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>aibí</p> <p>mímhacánta</p> <p>gealgháireach</p> <p>mífhoighneach</p>
<p>D'iompaigh sé (Colm) ar a shála go tapa agus bhailigh sé leis. Níor theastaigh uaidh go bhfeicfeadh Tomás na deora ina shúile. (Colm) Lch 17</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>éagórach</p> <p>míchúramach</p> <p>goilliúnach</p> <p>mímhúinte</p>
<p>... Má mheasann Daid go bhfuil Tomás maith a dhóthain chun an bád a stiúradh, nach bhfuilimse chomh maith céanna leis. Rachaidh mé amach i m'aonar!' Lch 18</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>easumhal</p> <p>cineálta</p> <p>éadmhar</p> <p>foighneach</p>
<p>Mise i mbun an bháid i m'aonar! Maróidh mé ualach Éireann maicréal.' Lch 20</p>	<p>mothúchán <input type="checkbox"/></p> <p>gníomh <input type="checkbox"/></p> <p>smaointe <input type="checkbox"/></p> <p>caint <input type="checkbox"/></p>	<p>fial</p> <p>tallannach</p> <p>dea-bhéasach</p>


Nach raibh a fhios ag Colm go raibh an chéad dá riail briste aige. Ach nár chuma sin?' Lch 22	mothúchán	<input type="checkbox"/>	neirbhíseach
	gníomh	<input type="checkbox"/>	easumhal
	smaointe	<input type="checkbox"/>	cróga
	caint	<input type="checkbox"/>	mórtasach
Ní fhéadfadh Colm a bheith ag éisteacht leis (Tomás) dá rachadh sé abhaile gan iasc nó dhó ar a laghad.' Lch 26	mothúchán	<input type="checkbox"/>	geanúil
	gníomh	<input type="checkbox"/>	éagórach
	smaointe	<input type="checkbox"/>	mórtasach
	caint	<input type="checkbox"/>	leithleasach



Scribhneoireacht

1. An ndeachaigh tú riamh ag iascach? Déan cur síos ar an turas /eachtra sin.
2. Cén caitheamh aimsire atá agat féin? Scríobh alt faoin gcaitheamh aimsire is mó atá agat féin. Céard atá i gceist leis? Cé chomh minic is a dhéanann tú é? Cé eile a dhéanann leat é?





CAIBIDIL 4

Triail Tuisceana

1. Cén saghas scéil a d'inis a athair do Cholm faoi Charraig na Caillí?
2. Cé a bhí ina cónaí ar Oileán na Rón?
3. Cén fáth ar shocraigh an taoiseach dul ann?
4. Nuair a bhí an fhleá agus an féasta thart, cad a tharla don taoiseach?
5. Cad a chonaic an taoiseach agus é ag druidim le hOileán na Rón?
6. Cén chuma a bhí ar an mbean a bhí ina cónaí ar an oileán?
7. Cén saghas saol a bhí aici ar an oileán, meas tú?
8. Cad a chonaic an taoiseach ina bhrionglóid?
9. Cad a tharla don bhád agus don chriú?
10. Cén fáth a raibh na faoileáin ag eitilt timpeall ar an oileán?



Stór Focal

Tá na litreacha sna focail seo thíos measctha. Cuir ar ais san ord ceart iad le teacht ar fhocail sa chaibidil seo. Rinneamar an chéad cheann duit.

bhsenanae	seanbhean _____
aosithaec	_____
rómleaplmih	_____
staaéf	_____
íumortl	_____
bhnáhtcaramt	_____
iloafáeni	_____



Stór Focal

Aimsigh nath ón gcaibidil a bhfuil an bhrí chéanna leis is atá sna habairtí thíos.

	In ionad na nathanna seo a úsáid d'fhéadfá nathanna ó Chaibidil a Ceathair a úsáid...
	lch 27	
1.	ag caint faoi	
2.	ó am go ham	
3.	Cén fáth?	
4.	go héasca	
	lch 28	
5.	chuaigh sé chuig	
	lch 29	
6.	bhí sé réidh le dul ar ais	
	lch 33	
7.	go gairid	
	lch 35	
8.	cé go raibh sé te	
9.	a shroicheadh	
10.	ag cuardach	



Abairtí a scríobh

thug sé aghaidh ar	a bhaint amach	sula i bhfad	ag trácht ar	ar uairibh
bhí sé ar tí filleadh	cad ina thaobh	gan aon stró	in ainneoin an teasa	ag faire amach do

Cuir sé cinn de na frásaí thuas in abairtí. Cuir i dtús, i lár nó i ndeireadh na habairte iad.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____

San ord ceart

Ar dtús, tarraing pictiúir a fhreagraíonn do na sleachta thíos as an úrscéal.

Ina dhiaidh sin, cuir in ord iad ó 1 - 9 bunaithe ar chroineolaíocht an scéil.

<input type="checkbox"/> 	<input type="checkbox"/> 	<input type="checkbox"/>
Mhottaigh siad sruth láidir ag tarraingt an bháid i dtreo carraig ghéar ard.	D'fheistigh criú an taoisigh an bád. Chuir siad chun farraige agus thug siad aghaidh ar Oileán na Rón.	Chuaigh sé ó oileán go hoileán ag bailiú a chíosa agus rinneadh mór is fiú de i ngach aon áit dá ndeachaigh sé.

<input data-bbox="177 230 233 277" type="checkbox"/> <p>Bhuail tromluí é. Sa tromluí chonaic sé bád ag briseadh ar charraig ghéar dhubh.</p>	<input data-bbox="595 230 651 277" type="checkbox"/> <p>Chuaigh an taoiseach mórtimpeall na míntíre go léir ag bailiú a chíosa.</p>	<input data-bbox="1013 230 1069 277" type="checkbox"/> <p>Tháinig néal dubh aniar aduaidh ón taobh eile d'Oileán na Rón. D'éirigh an ghaoth agus thosaigh an bháisteach.</p>
<input data-bbox="177 779 233 826" type="checkbox"/> <p>Bhí an tseanbhean a raibh sé le cíos a bhaint di ina seasamh ar thrá Oileán na Rón.</p>	<input data-bbox="595 779 651 826" type="checkbox"/> <p>Briseadh an bád agus bádh an taoiseach óg agus a sheisear criú.</p>	<input data-bbox="1013 779 1069 826" type="checkbox"/> <p>Dúradh leis go raibh aon bhean amháin ina cónaí ar oileán eile.</p>





Aidiachtaí agus Ainmfhocail

Inscne

Ainmfhocail Fhirinscneacha		Ainmfhocail Bhaininscneacha		
Ag tosú le guta	Ag tosú le s	Ag tosú le consan	Ag tosú le guta	Ag tosú le s
an t-éan	an solas	an bhean	an obair	an tsráid
an t-aláram	an samhradh	an mhaidin	an iománaíocht	an tseachtain
an t-úll	an sagart	an spideog	an aimsir	an tseacláid
an t-arán	an siopa	an fhuinneog	an oíche	an tsúil
an t-uisce	an seomra	an Mháirt	an Aoine	an tsrón
an t-ospidéal	an sacar	an Chéadaoin	an ubh	an tsamhlaíocht
an t-iasc	an sacsafón	an phancóg	an eochair	an tsáil
an t-amhrán	an saighdiúir	an bhonnóg	an argóint	an tsaolré
an t-am	an Satharn	an chathair	an Áise	an tsatailít
an t-airgead	an sáile	an phictiúrlann	an iascaireacht	an tseadóg
an t-eolas	an sailéad	an bhialann	an India	an tseafóid
an t-iarann	an salann	an Nollaig	an Íoslainn	an tsaighead



Ní bhíonn séimhiú ar chonsan tosaigh tar éis an ailt más ainmfhocal firinscneach atá ann – an siopa, an fear, an dochtúir.



Bíonn t- roimh ghuta tosaigh tar éis an ailt más ainmfhocal firinscneach atá ann – an t-am, an t-úll, an t-ospideal, an t-éan, an t-iasc.



Ní bhíonn t- roimh ghuta tosaigh tar éis an ailt más ainmfhocal baininscneach atá ann – an ubh, an aimsir, an Aoine, an obair.



Bíonn séimhiú ar chonsan tosaigh tar éis an ailt más ainmfhocal baininscneach atá ann – an fhuinneog, an bhean, an Fhrainc.



Bíonn t roimh s tosaigh tar éis an ailt más ainmfhocal baininscneach atá ann – an tseachtain, an tsamhlaíocht, an tsúil, an tseacláid (ach amháin más p, c, m nó t a thagann díreach i ndiaidh an s – an spéir, an smig, an scuab, an stair).

Is gá don aidiacht freagairt don ainmfhocal i gcónaí.


Séimhítear aidiachtaí i ndiaidh ainmfhocail bhaininscneacha sa tuiséal ainmneach.

Ní shéimhítear aidiachtaí i ndiaidh ainmfhocail fhirinscneacha sa tuiséal ainmneach.

Baininscneach + séimhiú ar an aidiacht	Firinscneach
An charraig ghéar dhubh	An néal dubh
Scaif mhór	An seaicéad tarrthála
An fharraige mhór	An gunna bladhma
cuma mhailíseach	An cupard beag
An tseanbhean mhailíseach	An bád beag

Cuir dath **gorm** ar na hainmfhocail fhirinscneacha agus dath **buí** ar na hainmfhocail bhaininscneacha thíos ar dtús. Cuir séimhiú ar an aidiacht i ndiaidh na n-ainmfhocail baininscneach.

an bhladhm (tais) _____	oileán (mór) _____
an loinnir (beag) _____	an mhaidin (fuar) _____
paidir (gearr) _____	maide (casta) _____
an seaicéad (buí) _____	an oíche (dorcha) _____
an fón (fliuch) _____	an tseachtain (fada) _____
an t-iasc (breá) _____	glaoch (guthán) _____
solas (geal)	tinneas (farraige)



CAIBIDIL 5

Triail Tuisceana

1. Cé a bhí cloiste ag Colm ag trácht ar Charraig na Caillí?
2. Cén fáth nach rachadh iascairí chuig an áit?
3. Cad a chaith Colm amach i ndiaidh dó an t-inneall a mhúchadh?
4. Cad a tharla don bhád tar éis do Cholm suí siar ar a sháimhín só?
5. Déan cur síos ar conas a mhothaigh Colm ar lgh 41 agus 42.
6. Céard a cheap Colm a chonaic sé ar an trá?
7. Cén fáth, dar leat, ar mhothaigh Colm an-ait, mar a bheadh marbhántacht éigin air?
8. An gceapann tú gur buachaill umhal é Colm? Tabhair cúis le do fhreagra.
9. Conas a mhothófá dá mbeifeá in áit Choilm? Cad a dhéanfá?
10. 'Mise an fear,' arsa Colm leis féin. Déan cur síos ar uair gur bhraith tú go raibh sárjab déanta agat i d'aonar.



Stór Focal

A. Cuardach Focal

Aimsigh na focail seo sa chuardach focal.

carraig	iascaire	cófra	farraige	duán
na	uisce	criú	bád	oileán
fón	am	tonnta		


a	c	t	i	s	f	ó	n	i	r
m	ó	o	u	d	r	a	m	h	e
n	f	n	i	u	a	é	b	n	r
i	r	n	s	á	c	a	á	p	i
á	a	t	c	n	e	a	d	h	a
e	g	a	e	g	u	n	r	a	c
c	f	c	a	r	r	a	i	g	s
r	t	d	u	á	n	p	n	e	a
i	n	a	n	á	e	l	i	o	i
ú	f	a	r	r	a	i	g	e	p

B. Líon na bearnaí sna habairtí seo ón gcaibidil

- Tuigeanann na maicréil go bhfuil siad sábháilte go maith _____ na carraige.
- Bhí a fhios acu conas a slí a dhéanamh go cúramach _____ ag Carraig na Caillí.
- Mhúch Colm an t-inneall agus _____ a dhorú.
- Shuigh sé siar ar a sháimhín só, agus bhí uisce _____ agus é ag cuimhneamh ar an dinnéar breá a bheadh aige níos déanaí.
- Thuig sé gurb í an fharraige an _____.

C. Cuir na nathanna seo thíos in abairtí

1. Bhí uisce lena fhiacla ...
2. Ba bheag nár thit an t-anam as ...
3. ... a chroí ina bhéal aige ...
4. ... go foighneach ...
5. ... in aineoinn an teasa ...
6. ... nach mór gur thit an t-anam as ...



CAIBIDIL 6

Triail Tuisceana

1. An bhfuil eagla ar Cholm ag tús na caibidle?
2. Cén fáth ar tháinig aoibh an gháire air?
3. Cén fáth ar shocraigh sé aghaidh a thabhairt ar an mbaile?
4. Cad a thug sé faoi deara nuair a d'fhéach sé isteach san inneall?
5. Tar éis go ndearna Colm thréaniarracht ag tarraingt ar na maidí rámha, ar éirigh leis an ché a bhaint amach? Cén fáth?
6. Cá raibh sé greamaithe?
7. Cé na mothúcháin a bhí aige faoi dheireadh na caibidle?



Stór Focal

A. Cuir na frásaí seo thíos in abairtí chun a mbrí a léiriú

1. ... bhí sé i bponc ceart ...

2. Ní raibh duine ná deoraí le feiceáil ...

3. Faoi dheireadh ...

4. ... in ainneoin a thréaniarrachta ...

5. ... ag sní isteach ...

B. Aimsigh focail bheaga 'sna focail mhóra'

breoiteacht	_____
farraige	_____
marbhántacht	_____
bothántaíocht	_____
spéireataí	_____
leathshoicind	_____
naimhdeach	_____
mailíseach	_____


C. Scríobh litir ghearáin

Scríobh litir ghearáin / ríomhphost chuig monarcha bád ag déanamh gearáin faoi laige na gclár adhmaid sa bhád. Luaigh na pointí thíos sa litir:

- Bíonn sábháilteacht an bhádóra ag brath go hiomlán ar dhéantúsaíocht an bháid.
- Gan bád láidir, ní bheidh an t-iascaire gairmiúil in ann iascaireacht a dhéanamh.
- Íoctar go leor leis na monarchana agus ba cheart dóibh a chinntiú nach bhfuil laigí ina gcuid déantús.
- Foilseofar grianghraif agus físeáin den bhád pollta ar na meáin shóisialta mura gcaitear i gceart liom.
- Beidh bád nua uaim mar chúiteamh ar chailteanas tuarastail.

**Taighde**

Déan taighde ar scéal an *Titanic* agus cuir i bhfoirm tionscadail é.



CAIBIDIL 7


Triail Tuisceana

1. Cad a shocraigh Colm a dhéanamh nuair nach raibh an dara rogha aige?
2. An mbeadh a athair sásta an scéal a chloisteáil?
3. An raibh eagla ar Cholm ag an bpointe seo? Cá bhfios duit?
4. Ar éirigh leis dul i dteagmháil lena athair? Cén fáth?
5. An raibh sé in ann an teas a choimeád ina chnámha? Cén fáth?
6. Cad a tharraing sé as an gcupard beag?
7. An raibh eagla air? Cén fáth?
8. Cén fáth nár scaoil sé an gunna bladhma díreach ar an bpointe?



Stór Focal

Sliocht as an Úrscéal		Céard a bhí air?
Thóg sé amach an fón póca go pras.	lch 52	Bhí _____ air.
Chrom sé a cheann agus thosaigh sé ag gol.	lch 53	Bhí _____ air.
Rug sé ar théad an innill agus tharraing sé ar a mhíle dícheall í.	lch 46	Bhí _____ air.
Bhí mearbhall ina cheann agus mhothaigh sé go raibh sé chun titim i laige.	lch 42	Bhí _____ air.
Tháinig creathán ar Cholm nuair a chuimhnigh sé ar an seanscéal.	lch 35	Bhí _____ air.



CAIBIDIL 8

Triail Tuisceana

1. Cén t-am den lá a bhí ann ag an bpointe seo?
2. Cén fáth ar mhothaigh sé uaidh a thuismitheoirí agus a dheartháir Tomás?
3. Cad a rinne Colm nuair a chonaic sé solas i bhfad uaidh?
4. Cad a tharla nuair a tharraing sé trucear an ghunna?
5. Cad a bhí cearr leis na bladhmanna?
6. Cad a tharla nuair a tharraing sé an trucear don tríú huair?
7. Ar cheap Colm go mbeadh a athair crosta leis? Cén fáth?
8. An raibh a athair sásta Colm a fheiceáil slán sábháilte?
9. Cén fáth a raibh go leor taithí siúinéireachta á fháil ag Colm go ceann tamaill ina dhiaidh sin?
10. Cén ceacht a d'fhoghlaim Colm as an eachtra seo?

Staidéar ar charachtair an scéil

Obair bheirte: Cuir Colm i dtús Chaibidil a hAon i gcomparáid le Colm i dtús Chaibidil a hOcht.


- Cá raibh sé?
- Conas a mhothaigh sé?
- Cé a bhí in éineacht leis?
- Cén t-am den lá a bhí ann?
- An raibh dóchas aige go mbeadh dea-chríoch ar an eachtra?

Cuir na focail thíos sa léaráid Venn. Céard a bhí mar a chéile maidir le Colm i gCaibidil a hAon agus i gCaibidil a hOcht?

Cé na codarsnachtaí/difríochtaí a bhí ann?

An féidir leat cur leis an liosta thíos?

aithreachas	oíche	faitíos	dorchadas	ina aonar
misneach	maidin	aoibhneas	gile	báúil lena mhuintir
dóchas			ar an talamh tirim	ar an bhfarraige



Colm i dtús Chaibidil 1

Colm i dtús Chaibidil 8

Straitéis Tuisceana: Comparáid a scríobh

Déan comparáid agus codarsnacht (tabhair na cosúlachtaí agus na difríochtaí) idir carachtar Choilm i dtús Chaibidil a hAon agus carachtar Choilm i dtús Chaibidil a hOcht. Bí cinnte go n-úsáideann tú sleachta as an leabhar mar fhianaise le do thuairimí. Cinntigh freisin go bhfuil na cosúlachtaí in alt amháin agus na difríochtaí in alt eile. Is féidir an stór nathanna thíos a úsáid mar threoir.

Frásaí úsáideacha	Frásaí cónascacha
Tá an chéad chaibidil suite ...	Ar an gcéad dul síos
Tá Caibidil a hOcht suite ...	Anuas air seo
Tá _____ ar Cholm nuair a ...	Ar an gcuma chéanna
Feicimid go bhfuil Colm _____ nuair a ...	Mar shampla
Dá mhéad na cosúlachtaí, is mó na difríochtaí.	Dá bharr sin/ Dá bhrí sin
In ainneoin na ndifríochtaí, is mó na cosúlachtaí.	Mar fhocal scoir

Tosaigh mar seo:

Is cinnte go bhfuil difríochtaí le feiceáil idir Colm i gCaibidil a hAon agus é i gCaibidil a hOcht. É sin ráite, tá cosúlachtaí ann freisin. Sa dá chuid den úrscéal, feicimid go bhfuil Colm _____ agus _____. Ar an lámh eile, ag tús an úrscéil tá Colm _____, _____ agus _____ ach i gCaibidil a hOcht tá sé _____, _____ agus _____.

Garda C6sta na hEireann

D6an tionscadal ar Gharda C6sta na hEireann; ar an obair a dh6anann siad agus conas a chuidf6nn siad linne agus leis an timpeallacht i gcoitinne.

Cuir <http://www.dttas.ie/muir> sa bharra cuardaigh ar inneall cuardaigh. Freagair na ceisteanna seo th6os bunaithe ar an eolas ann.

1. T6a Garda C6sta na hEireann freagrach as:
 - a) _____
 - b) _____
 - c) _____
 - d) _____

<http://www.dttas.ie/maritime/english/general-coast-guard-information>

2. C6ard ba cheart duit a dh6anamh m6a fheiceann t6u duine i gcont6irt san fharraige?

3. C6a bhfuil ceanncheathr6u an Gharda C6sta? Liostaigh pr6imhaidhmeanna an IRCG.

4.
 - a. _____
 - b. _____
 - c. _____

<http://www.safetyonthewater.ie/sites/default/files/file-attachments/Going%20to%20the%20coast.pdf>

5. Cruthaigh p6staer bunaithe ar an seicliosta thuas 'Going to the coast'. An raibh na nithe ar fad ag Colm san 6rsc6al?



IARLÉITHEOIREACHT

Léirmheas ar an úrscéal *Carraig na Caillí*

Teideal an úrscéil: _____

An foilsitheoir: _____

Údar an scéil: _____

An t-ealaíontóir: _____

Cá bhfuil an scéal suite?

Cé hé/ hí an príomhcharachtar? Déan cur síos air/uirthi.

Déan achoimre ar an scéal. Ní gá an t-eolas ar fad a thabhairt. Roghnaigh ocht bpointe.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____
6. _____
7. _____
8. _____

Cén chuid den scéal is fearr leat?

Ar thaitin an t-úrscéal leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

